

Míreanna Riachtanacha:

- Dul chun cinn na ndaltaí sa Litearthacht / Uimhearthacht
- An líon cásanna bulaíochta atá á bplé faoi láthair
- Na ciorcláin is déanaí; cé na buaicphointí, cáipéisí a chur ar fáil
- Féinmheastóireacht scoile / cigireacht más ann dó
- Cosaint leanaí (ar lch. 2)

Míreanna Eile:

- Foireann; Forbairt Ghairmiúil, Oilíúint, Foireann as láthair, Poist Fhreagrachta, Acmhainní de dhíth, Maoirseacht, Leithdháileadh Ranganna, Cruinnithe Tuismitheoirí is Múinteoirí
- Daltaí; As Láthair, Clárúcháin, Riachtanais Speisialta, Aistriú chuig meánscoil
- Cóiríocht & Trealamh; Iarratais ar..., Deisiúcháin
- Saol na Scoile; Turais, Cuairteoirí, Imeachtaí/Féilte Gaeilge agus Creidimh, Laethanta Saoire & Dúnadh Scoile, Caidreamh Poiblí
- Pleanáil don Todhchaí; Reachtaíocht, Polasaithe Scoile, Sláinte & Sábháilteacht,
- Eile

Tá an méid seo a leanas bunaithe ar an tréimhse ó bhí an cruinniú boird deireanach ann.

Dáta: / /

Líomhaintí faoi mhí-úsáid i gcoinne phearsanra scoile:

Líon na dtuairiscí faoi mhí-úsáid déanta go Tusla i gcoinne duine de phearsanra scoile.	
Líon na gcásanna ina lorg an DIA comhairle ó Tusla faoi mhí-úsáid i leith duine de phearsanra scoile agus nár tuairiscíodh é bunaithe ar chomhairle ó Tusla.	
Líon na gcásanna inar deineadh líomhain i leith duine de phearsanra scoile agus nár lorg an DIA comhairle Tusla & nár tuairiscíodh an cheist go Tusla.	
Líon na gcásanna inar deineadh líomhain i leith duine de phearsanra scoile agus nár tuairiscíodh go Tusla é ag an DIA in ainneoin chomhairle ó Tusla gur chóir é a thuairisciú.	

Cúiseanna eile inmí Chosaint Leanaí nach mbaineann le pearsanra scoile:

Líon na gcásanna inar sheol duine de phearsanra scoile tuairisc go Tusla cé gur chinn an DIA nárbh fhiú é a thuairisciú.	
Líon cásanna inar lorg an DIA comhairle Tusla faoi inmí maidir le páiste sa scoil agus gur thug Tusla comhairle nár chóir an t-ábhar a thuairisciú.	
Líon na gcásanna inar lorg an DIA comhairle Tusla faoi ábhar buartha faoi pháiste sa scoil agus gur thug Tusla comhairle gur chóir é a thuairisciú agus nár dhein an DIA an t-ábhar sin a thuairisciú.	

Cúiseanna Inmí chosaint páistí ag éirí as líomhaintí tromaíochta i measc daltaí:

Líon na gcásanna inar thuairiscigh an DIA cúis inmí faoi pháiste ag éirí as líomhaintí tromaíochta i measc daltaí.	
Líon na gcásanna inar lorg an DIA comhairle Tusla faoi ar chóir cúis inmí a thuairisciú faoi pháiste ag éirí as líomhaintí tromaíochta i measc daltaí.	

Achoimre sonraithe i dtaobh tuairisciú:

Líon iomlán tuairiscí déanta le Tusla ag an DIA.	
Líon iomlán na dtuairiscí sainordaithe.	
Líon iomlán na dtuairiscí a bhaineann le pearsanra scoile.	
Líon iomlán na gcásanna inar lorg an DIA comhairle ó Tusla agus de thoradh na comhairle seo nár deineadh aon tuairisciú.	
Líon iomlán na gcásanna a bhaineann le pearsanra scoile inar lorg an DIA comhairle ó Tusla agus de thoradh na comhairle seo nár deineadh aon tuairisciú.	

Líon iomlán na gcásanna inar thug duine de phearsanra scoile cóip don DIA de thuairisc a bhí seolta acu go Tusla faoi ábhar a cheap an DIA nár ghá tuairisc sainordaithe a dhéanamh.	
Líon iomlán na gcásanna inar thug duine de phearsanra scoile cóip don DIA de thuairisc a bhí seolta acu go Tusla faoi ábhar a cheap an DIA nár ghá tuairisc sainordaithe a dhéanamh agus baineann an cás le pearsanra scoile.	